

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

# An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

# 2021

## Athbhreithniú ar an mBliain

# Príomh-Staitisticí – 2021 i bhFigiúirí

## ÚDARUITHE

**118**
údarú comhshaoil eisithe

**569**
leasú údaraithe déanta

**3**
chinneadh ar chritéir um ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad eisithe

**275**
fógra fotháirgí próiseáilte

**132**
údarú radaíochta agus 529 leasú teicniúil eisithe

## FORFHEIDHMIÚ

**212**
cuairt ar láithreáin d'fhuíolluisce uirbeach agus 79 ar láithreáin d'uisce óils

**1,295**
cuairt ar shaoráidí tionscail, dramhaíola, ar shaoráidí dumpála san fharraige agus VOC

**13**
ionchúiseamh tagtha i gcrích

**9**
dTreoir um Uisce Óil eisithe d'Uisce Éireann

**75**
iniúchadh ar Shealbhóirí Ceadúnais Raideolaíocha

**11**
láithreán ar na Láithreáin Náisiúnta Tosaíochta um Fhorfheidhmiú

## GEILLEAGAR CIORCLACH

**€710k**
bronnta d'ocht bhfiontar faoi Fhiontraíocht Ghlas 2021: Nuálaíocht maidir le glaoch ar mhaoiniú do Gheilleagar Ciorclach

**7.5m**
Freastai 7.5m don fheachtas náisiúnta Stop Food Waste 'Stretch Out and Save'

## MONATÓIREACHT

**1,539**
Monatóireacht déanta ar 1,529 dobharlaigh maidir le hanailís bhitheolaíoch agus cheimiceach

**97**
stáisiún monatóireachta aercháilíochta

**844**
Anailís déanta ar 844 samplaí maidir le radaighníomhaíochta

## EOLAS

**722,297**
cuairt ar **www.epa.ie**

**112**
iarratas ar fhaisnéis (52 Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol agus 60 SF)

**9,900+**
gearán maidir leis an gcomhshaol

**2,900+**
ceist faoin gcomhshaol ón bpobal

**409**
tacar sonraí GCC uaslódáilte ar data.gov.ie agus 76,054 amharc san iomlán orthu

## TAIGHDE

**41**
Tuarascáil Taighde:
9 ar an gComhshaol, 7 ar Gheilleagar Ciorclach agus Glas, 13 ar Chomhshaol Sláintiúil agus 12 ar an gComhshaol Nádúrtha

## ULLMHAÍOCHTAÍ d'ÉIGEANDÁLAÍ

**1**
cleachtadh éigeandála déanta go hinmheánach le réimse foirne ón GCC trí chéile

**7**
cleachtadh éigeandála idirnáisiúnta ar glacadh páirt iontu

## RADÓN

**136,890**
amharc leathanaigh ar ábhar a bhaineann le radón ar an suíomh gréasáin

## Freagairt ar phaindéim Covid-19

Ceacht amháin atá foghlamtha le dhá bhliain anuas ná gur féidir feidhm a bheith ag eolaíocht a chuirtear in iúl go héifeachtach ar pholasaí, ar thuiscint agus ar iompar, fiú más dúshláin scanrúla atá i ndán. Agus muid ag dul i dtaithí ar éifeachtaí fadtréimhseacha phandéim COVID-19, tá gníomhaíocht bunaithe ar eolaíocht ard-chaighdeánach, sonraí agus anailís ag teastáil i bhfreagairt na hÉireann ar an ngéarchéim aeráide atá ag fás. Ní raibh obair na GCC níos ábhartha ná mar atá anois.

In 2021, léiríodh gur rud thar a bheith luachmhar dúinn é comhshaol na hÉireann. Do dhaoine aonair, tá sé sárluachmhar dár meabhairshláinte, agus don tsochaí is príomhacmhainn é don dul chun cinn i dtreo geilleagar inbhuanaithe agus ciorclach.

Tá deis ann anois bunú gheilleagar glas a chruthú chun chomhshaol na hÉireann a chosaint agus a athchóiriú. Tacaíonn an GCC le gníomhaíochtaí ag gach leibhéal - rialtas, gnó, agus duine aonair - a bheith bunaithe ar eolaíocht atá dírithe agus fócasaithe ar athrú a dhéanamh ar na nósanna tomhaltais agus táirgthe neamh-inbhuanaithe atá againn faoi láthair.

Le linn na paindéime, lean obair riachtanach na GCC ar aghaidh le cinntiú nach mbeadh aon laghdú ar chosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil. Mar rialtóir comhshaoil tá athruithe déanta ag an GCC de réir mar a bhí gá i gcásanna éagsúla, chun dul i ngleic le gearáin, eachtraí agus cásanna éigeandála, chun iniúchtaí láithreáin a dhéanamh agus chun déileáil le ceadúnais i mbealach oiriúnach bunaithe ar riosca. Tá athruithe déanta againn freisin maidir le for-rochtain agus rannpháirtíocht leis an bpobal, ag méadú ár lucht spéise trí shuíomh gréasáin nua agus ag bogadh go seimineáir gréasáin dár gcomhdhálacha bliantúla.

**Léiríonn torthaí ó pobalbhreith a rinne an GCC le déanaí go n-aontaíonn 86% de dhaoine fásta gur áis luachmhar do mhuintir na hÉireann é an comhshaol – sin tuairim atá seasmhach le ceithe bliana anuas.**



### EAN

Ag déanamh taighde ar na tionchair fhadtéarmacha a bhíonn ag cinntí laethúla sa chomórtas do na scoileanna dara leibhéal







Measadh go raibh laghdú 6% in astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn in 2020 de bharr na paindéime

### FEABH

Níl cáilíocht an uisce óil sna soláthairtí uisce príobháideacha ard go leor agus is baol don tsláinte é






Forfheidhmiú nuálach le linn an phaindéim Covid-19




Léacht ar Athrú Aeráide

### MÁR





Dréachtchlár ar Gheilleagar Ciorclach le haghaidh comhairliúcháin phoiblí

## Athrú Aeráide




Próifíl astaíochtaí réamh-mheasta na hÉireann 2030




Próifíl astaíochtaí réamh-mheasta na hÉireann 2030 WAM

I measc na rudaí a dhéanann an GCC chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide áirítear: astaíochtaí gás ceaptha teasa náisiúnta a ullmhú agus a thuar; astaíochtaí ón earnáil tionsclaíochta a rialú; ag tacú le taighde ar eolaíocht aeráide; ag tacú le hathrú iompraíochta chun geilleagar ciorclach a chur chun cinn agus an tIdirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide a éascú.

**Don cheathrú bliain as a chéile, roghnaíodh Athrú Aeráide mar an cheist comhshaoil is práinní atá i ndán d'Éirinn.**

Agus rannpháirtíocht an phobail i gcúrsaí a bhaineann le hathrú aeráide ag neartú, d'fhoilsigh an GCC sonraí chun tacú le freagairt na hÉireann agus chun í a threorú. Léirigh sonraí fardail gás ceaptha teasa a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair laghdú 3.6% in astaíochtaí idir 2019 agus 2020. Bhí dhá phríomhchúis leis an laghdú sin in astaíochtaí: an laghdú ar astaíochtaí iompair mar gheall ar shrianta Covid agus déine astaíochtaí laghdaithe i nginiúint leictreachais. Leis an laghdú beag seo in astaíochtaí le linn 2020, in am a tharla athruithe móra i ngníomhaíocht gheilleagrach agus sóisialta de bharr na paindéime, léirítear an mhéid atá ag teastáil thar gach cuid dár ngeilleagar agus dár sochaí chun an sprioc laghdú 51% in astaíochtaí a bhaint amach faoi 2030, sprioc atá leagtha amach san Acht Aeráide 2021. Chomh maith leis sin, agus na srianta paindéime á mbaint, tá gníomhaíocht phráinneach ag teastáil chun mhéadú in astaíochtaí gás ceaptha teasa a sheachaint fad is atá téarnamh geilleagrach ag tarlú.

D'fhoilsigh an GCC a céad tuarascáil ón dtionscadal Climate Change in the Irish Mind i mí na Nollag. Is an GCC agus Clár Ollscoile Yale ar Chumarsáid ar Athrú Aeráide a bhí taobh thiar den obair sin agus í mar thacaíocht don Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide. Is é sin an chéad staidéar mar sin a rinneadh in Éirinn agus úsáid á bhaint as cur chuige Yale a aithnítear go hidirnáisiúnta. Mar staidéar bonnlíne, tá sé mar aidhm tuiscint níos fearr a fhorbairt ar thuairimí, brath riosca, roghanna polasaithe agus iompar mhuintir na hÉireann maidir le hathrú aeráide. Leis na torthaí léirítear aitheantas an-láidir an phobail maidir leis an mbagairt atá ann ón athrú aeráide - aithnítear go bhfuil sé ag cur isteach go pearsanta orthu agus tá fíor-athrú ag teastáil orthu. Tá an-tuiscint ag an bpobal, tá siad eolach agus tuigeann siad na himpleachtaí a bhaineann le haeráid atá ag athrú. Tuigtear go bhfuil deiseanna ann do phoist, don nuálaíocht agus don sláinte agus gníomhaíocht ar son haeráide á thógáil.


Tá an GCC freagrach as Taighde Aeráide in Éirinn a chomhordú. Tá ullmhúchán á dhéanamh ar mheasúnú cúig bliana ar thaighde aeráide in Éirinn agus tá tacaíocht don phróiseas sin faighte ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus ó hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Bhunaigh an GCC an Grúpa Comhordaithe do Thaighde Aeráide in 2014. Mar chuid de dhualgas an Ghrúpa faoi bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, chuir siad a tríú tuarascáil bhliantúil amach i mbliana mar gheall ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le taighde aeráide a rinneadh in 2020.

I mí Lúnasa, d'fhoilsigh an GCC, Met Éireann agus Foras na Mara tuarascáil ar “The Status of Ireland’s Climate”. Léirítear leis an anailís chuimsitheach seo ar shonraí aeráide a bailíodh in Éirinn, conas mar atá athruithe domhanda le brath in atmaisféar, in aigéin agus i dtírdhreach na hÉireann.


## An Comhshaol agus an tSláinte

Tá dlúthcheangal idir shláinte an duine agus sláinte ár gcomhshaoil le tionchar díreach ag teacht ó bhagairtí mar thruailliú, torann, radaíocht agus ceimiceáin. Is cuid lárnach i mbonneagar sláinte na hÉireann é comhshaol glan, sláintiúil le spásanna glasa agus gorma.

**Bhraith ceathrar as gach cúigear de dhaoine fásta, go raibh comhshaol glan, neamhthruaillithe agus rochtain ar nádúr nó ar an gcomhshaol tábhachtach dár n-aclaíocht agus dár meabhairshláinte le linn phaindéim Covid-19.**





## Cáilíocht an Aeir




Soláthraíonn Clár Náisiúnta Monatóireachta ar Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh de chuid na GCC faisnéis fhíor-ama logánta maidir le cáilíocht an aeir agus bíonn comhairle sláinte poiblí in éineacht leis. Cuireadh naoi stáisiún ann in 2021, agus leis sin tá méadú faoi thrí agus níos mó tagtha ar fhaireachán do chaighdeán aeir i bhfíor-am in Éirinn ó cuireadh an clár i bhfeidhm ar dtús ag deireadh 2017 agus beidh an líonra náisiúnta críochnaithe in 2022. Leis an Tuarascáil ar Cháilíocht an Aeir 2020, tarraingíodh aird ar dhá phríomhcheist maidir le cáilíocht an aeir: ábhar cáithníneach ó bhreosla soladach a dhó agus dé-ocsaid nítrigine ó astaíochtaí tráchta.

Cuireadh tús leis an tionscadal EPA LIFE Emerald in 2021 agus thar na trí bliana seo chugainn cuirfear réamhaisnéis náisiúnta, "nowcast" ar fáil (chun cháilíocht aeir comhthimpeallaigh a chur ar fáil do na háiteanna ar fad atá idir na stáisiúin mhonatóireachta) chomh maith le léarscáileanna stairiúla ar chailíocht an aeir.

**AIB**




Tháinig titim 6.4% ar astaíochtaí ginte cumhachta agus tionsclaíocha in 2020




Bronnadh an phríomhdhuais don chomórtas in 2021 ar scéal na masc aghaidhe aon uaire

**BEAL**

Fós tá feabhas ag teacht ar cháilíocht uisce snámha ach cuireann eachtraí truaillithe isteach ar thránna



€10.5 milliún i maoiniú le haghaidh taighde a thacaíonn le beartais chomhshaoil



**MEI**

Comhdháil ar Athrú Aeráide



Comhdháil ar Uisce





Fós níl Éirinn ag comhlíonadh an Treoir um Uasteorainneacha Astaíochta Náisiúnta an AE




Caithfidh gach duine tástáil simplí do ghás radóin a dhéanamh ina dtithe féin





Is tosaíocht é dabhacha morgthais a theipeann i scrúdú a dheisiú

## Monatóireacht ar Radaíocht

Tá Líonra Náisiúnta do Mhonatóireacht ar Radaíocht ag an GCC chun foláireamh a chur ar fáil, chomh maith le sainaithint ar an gcineál radanúiclídí, i gcás shroicheadh radaighníomhaíochta go hÉirinn in easrú atmaisféarach. Tá uasghrádú á dhéanamh ar an líonra faoi láthair le hionstraimíocht nua agus láithreáin mhonatóireachta breise.

Tar éis anailís ar sholáthairtí uisce óil, uisce buidéil, bia, an comhshaol muirí agus talún, léirítear nach baol suntasach don tsláinte í an dáileog radaíochta.

### Gás Radóin



Le linn 2021, d'eagraigh an GCC trí fheachtas feasachta le daoine a chur ar an eolas faoi radón agus rinneadh é sin i gcomhar le gníomhaíochtaí for-rochtana poiblí eile chun sealbhóirí tí a spreagadh rud éigin a dhéanamh faoi radón agus tástáil a dhéanamh ar a dtithe féin.


Rinneadh léarscáil nua na GCC ar riosca radóin (le foilsiú in 2022) a ghearrliostú don ghradam Analytics Institute Ireland Public Sector Award. Críochnaíodh obair ar an léarscáil i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. I gcomhpháirt leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, thug an GCC faoi thástáil úsáideoirí ar líne le pobal an léirsceál riosca radóin uasdátaithe. Ón tástáil, feictear gur raibh feidhm ag tréithe a úsáidtear chun an léarscáil a bharrfheabhsú, cosúil le dath, teanga agus feidhmiúlacht chuardaigh ar an méadú a tháinig ar dhaoine agus a dtoilteanas tástáil a dhéanamh ar a dtithe.

Chuir an GCC tuarascáil faoi bhráid ghrúpa comhordaithe an Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i ndiaidh trialacha páirce a chríochnú. Leis an trialacha sin léiríodh lagduithe suntasacha i léibhéil radóin i sampla d'áiteanna cónaithe nuathógtha, gan sealbhóirí le humair éighníomhacha agus cochaill statacha.

### Radaíocht neamh-ianúcháin

Leanann an GCC ag cur comhairle ar fáil maidir le nochtadh an phobail do réimsí leictreamaighnéadacha le linn 2021. In ainneoin mhoilleanna de bharr shrianta Covid-19, rinneadh suirbhéireacht ar 30 de na 56 láithreán monatóireachta, a bhí pleanáilte sa chlár monatóireachta náisiúnta.

**Dar le 73% de dhaoine fásta, tá athruithe nó céimeanna tógtha acu go pearsanta chun cabhrú leis an gcomhshaol**




**IÚIL**

‘Sín amach agus sábháil €700 an samhradh seo’




Gníomhaíocht phráinneach ag teastáil chun srian a chur le truailliú ó nítrigin in uiscí na hÉireann




**LÚN**

De bharr athrú aeráide tá Éirinn níos teo agus níos fliche







Become a Citizen Scientist – truailliú aeir i mBaile Átha Cliath a thomhas

**MF**




Níos mó dramhail ó phacáistíocht, rátaí maidir le plaisteach a athchursáil ag titim.

Comhdháil ar Gheilleagear Ciorclach



Soláthar Poiblí Glas: Treoir don Earnáil Phoiblí



## Dramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach

Tá tionchar suntasach ag dramhaíl ar ár gcomhshaol agus ár ngeilleagar. Mar shochaí, caithfimid athsmaoineamh a dhéanamh ar chonas a dhéanaimid, a aistrímid agus a úsáidimid táirgí, caithfimid pacáistíocht neamhriachtanach a sheachaint agus athúsáid agus athchúrsáil a uasmhéadú.




In 2021, rinne an GCC beagnach €2 mhilliún a infheistiú i ngeilleagar ciorclach a chur chun cinn in Éirinn. I Mí na Nollag, sheol an GCC Clár an Gheilleagair Chiorclaigh. Beidh an clár seo mar cheann feadhna ar aistriú na hÉireann go geilleagar ciorclach, ina ndéanfaidh gnólachtaí, saoránaigh agus an earnáil phoiblí lagduithe ar úsáid acmhainní, déanfar dramhaíl a bhacadh agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe a bhaint amach. Beidh an clár mar thacaíocht chomh maith ar Straitéis uile-Rialtais an Gheilleagair Chiorclaigh agus chun ciorclaíocht mar shamhail gheilleagrach a bhaint amach, ag cur le comhleanúnachas agus ailíniú idir gníomhaíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

### Giniúint agus athchúrsáil

Léirítear le staitisicí náisiúnta maidir le giniúint agus bainistíocht dramhaíola a chur an GCC le chéile in 2019 go bhfuil méadú fós ag teacht ar ghiniúint dramhaíola agus go bhfuil ceangal ann le gníomhaíocht gheilleagrach fad is a bhfanann úsáid chiorclach ábhair an-íseal. Tháinig laghdú ar rátaí athchúrsála do dhramhaíl bhardais agus dramhaíl ó phacáistíocht, agus tá níos mó dramhaíl á sheoladh le haghaidh aisghabhála fuinnimh.

In Éirinn fós cruthaítear níos mó ná 1 mhilliún tona de dhramhaíl ó phacáistíocht in aghaidh na bliana. Ní dhearnadh athchúrsáil ach ar níos lú ná trian den dramhaíl ó phacáistíocht agus tá fás bliain in aghaidh bliana tagtha ar an dramhaíl atá á loscadh. Cé go bhfuil méadú tagtha ar an bpacáistíocht phlaisteach atá á athchúrsáil, tá méadú níos mó tagtha ar an méid dramhaíl ó phacáistíocht atá á chruthú agus á loscadh agus, an toradh ná go bhfuil rátaí athchúrsála laghdaithe go mór ó 2013 i leith. Fós chomhlíon Éirinn spriocanna reatha an AE agus baineadh rátaí athchúrsála arda amach i sruthanna ábhair phacáistíochta áirithe. Tá treochtaí diúltacha fós ann, áfach, agus tá bearna atá ag leathnú in ndán don tír chun spriocanna uaillmhianacha nua an AE maidir le athchúrsáil a bhaint amach ó 2025 ar aghaidh.


Leis an spreagthach téarnaimh 'ghlais' tugtar deis ar leith chun gníomhaíocht gheilleagrach bhuan a chruthú, gníomhaíocht nach mbeidh mar ualach don chomhshaol agus nach gcuirfear ár gcuid acmhainní teoranta amú leis. In 2021, tugadh maoiniú d'ocht bhfiontar trí Chiste €625k na GCC um Fhiontair Nuálaíochta Glasa don Gheilleagar Ciorclach. Tá an ciste dírithe ar thionscadail nuálacha atá réidh do ghnó i réimse an bhia; plaisteach; tógáil & scartáil agus acmhainní & amhábhair. Cuireann múnlaí gnó ciorclacha le geilleagar atá aeráid-neodrach agus tíosach ar acmhainní, ach fós cuirtear deiseanna iomaíocha ar fáil agus bíonn spéis ag tomhaltóirí atá ag lorg roghanna inbhuanaithe iontu.

### Dramhaíl bia

I mí Dheireadh Fómhair, chuir an GCC feachtas feasachta chun cinn ag iarraidh fireannaigh idir 25-34 bliana d'aois a spreagadh dramhaíl bia a laghdú trí sheiceáil a dhéanamh ar an mbia atá sa chuisneoir agus é a úsáid. Tháinig méadú 53% ar chuairteanna ón aisghrúpa sin ar shuíomh gréasáin Stop Food Waste. Cuireadh an feachtas sin ar bun i ndiaidh suirbhé a rinneadh in 2020 ina léiríodh go gcuireann an aoisghrúpa seo níos mó bia amú ná grúpaí eile, le 21% dóibh ag rá go gcaitheann siad bia amach chun spás a dhéanamh don bhia nua atá ceannaithe acu.

### Dramhaíl Ghuaiseach

I mí na Nollag, d'fhoilsigh an GCC sonraí ar ghiniúint dramhaíola guaisí na hÉireann ina léiríodh laghdú san méid a gineadh in 2020. I bPlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola Guaisí, 2021-2027, a foilsíodh i mí na Nollag chomh maith, leagtar amach réimse leathan gníomhaíochtaí atá molta agus comhordaithe do go leor páirtithe leasmhara chun aird a tharraingt, dramhaíl ghuaiseach a sheachaint agus a líonra bailiúcháin a fheabhsú.




### Soláthar Poiblí Glas

In 2021, lean an GCC ag cur treoir ar fáil, ag déanamh forbairt ar thraenáil agus comhairle maidir le monatóireacht agus tuairisciú a bhaineann le Tógáil Ghlas i Seilbh Phoiblí. I mí Mhéan Fómhair, d'athbhreithnigh agus d'fhoilsigh an GCC treoir agus crítéar in éindí leis don Earnáil Phoiblí ag iarraidh teacht ar earraí, seirbhísí nó oibreacha a mbeadh tionchar laghdaithe ar an gcomhshaol acu.

## Uisce

Is acmhainn náisiúnta fhíorthábhachtach é comhshaol uisceach glan, riachtanach dár sláinte agus dár bhfolláine, dár ngníomhaíochtaí eacnamaíochta agus dár bhfiadhúlra.

### Uisce óil

Cé go bhfuil cáilíocht an uisce óil i soláthairtí poiblí fós ard, is baol do cháilíocht an uisce agus don tsláinte poiblí iad moilleanna i bhforbairtí uisce poiblí. Tá dul chun cinn ar leith déanta le déanaí maidir leis an méid soláthairtí atá i mbaol ar Liosta Gníomhaíochta Feabhais na GCC, le laghdú ó 77 in 2017 go 52 in 2021. Níl cóireáil an uisce óil i go leor soláthairtí chomh láidir is ba cheart a bheith, áfach, le cinntiú go mbeidh an soláthar athléimneach agus sábháilte ann amach anseo.

Le linn Lúnasa agus Meán Fómhair 2021, thug an GCC freagairt ar dhá eachtra an-suntasach ag ionaid cóireála uisce óil i mBaile Ghuaire agus sa Bhaile Mór, a léirigh teip uafásach i maoirseacht bainistíochta, rialú oibríochtúil agus freagrúlacht ó Uisce Éireann agus na hÚdaráis Áitiúla maidir lena róil faoi seach uisce óil slán agus sábháilte a sholáthar. Tá fógraí chun an t-uisce a bheiriú riachtanach nuair atá rud ag cur isteach ar sholáthairtí uisce óil agus ba chóir fógra a chur i bhfeidhm é chun sláinte na 877,000 duine atá a fhaigheann uisce ó na soláthairtí seo a chosaint. Tá uasdátú déanta ar iniúchóireacht na GCC chun díriú isteach ar fheasacht agus tuairisciú eachtra.




### Táscairí ar Cháilíocht an Uisce

Le linn 2021, rinne an GCC monatóireacht ar 1,096 abhainn, 223 loch, 135 screamhuisce agus 85 uisce cósta agus inbhear le haghaidh anailís bhitheolaíoch agus cheimiceach. In ainneoinn shrianta Covid, fuarthas agus rinneadh anailís ar níos mó ná 96% den chlár samplála a bhí pleanáilte faoi gCreat-treoir Uisce.

Léiríodh anailís ar na sonraí ó 2020 gurb é an baol is mó atá ann don chomhshaol uisceach ná léibhéil arda cothaitheach, mar fosfar agus nítrigin a thagann ó ghníomhaíochtaí dhaonna, cosúil le talmhaíocht agus scaoileadh fuíolluisce uirbigh. Tá na léibhéil nítrigine ró-ard i mbeagnach leath dár n-aibhneacha, ceathrú dár screamhuiscí agus cúigiú dár n-uiscí cósta. Ó na haibhneacha a measadh, tá feabhas measartha beag déanta i gcáilíocht bhitheolaíoch na n-aibhneacha agus feabhsuithe léirithe i 345 abhainn, ach tháinig laghdú i gcáilíocht 230 abhainn.

Chuir eolaíocht agus fianaise na GCC le agus bhí siad mar thacaíocht d'fhorbairt beartais agus go háirithe don Tríú Plean Bainistíochta Abhantraí, do Phlean Gníomhaíochtaí Níotráite agus do Phlean Straitéiseacha faoi CBT. Rinneadh é sin trí fhoilsiú na léarscáileanna Pollution Impact Potential (PIP) agus trí mheasúnú a dhéanamh ar na laghdaithe i nítrigin atá ag teastáil chun uisce óil ar ardcháilíocht a chinntiú.




### Uisce Snámha

Tá feabhas fós ag teacht ar cháilíocht uisce snámha le 96% ag comhlíonadh nó níos fearr ná an t-íoschaighdeán atá riachtanach. Tugadh 'droch-cháilíocht' do Thrá an Chlocháin i nGaillimh ar feadh cúig bliana agus rinneadh é a scaoileadh ó rúnaicmiú in 2021 de bharr go raibh droch-cháilíocht uisce leanúnach ann. Is féidir teacht ar eolas maidir le cáilíocht uiscí snámha ar an suíomh gréasáin Beaches.ie, suíomh a bhfuil an-tóir air agus a bhí in 2021 le beagnach 180,000 cuairteanna nua ar an leathanach. Rinneadh uasdátú ar an suíomh gréasáin Beaches.ie chun sonraí monatóireachta maidir le huiscí snámha lasmuigh den séasúr a ghabháil agus a fhoilsiú. Bailíonn cuid de na húdaráis áitiúla i mBaile Átha Cliath na sonraí sin.

### Hidriméadracht

Leanadh le feasacháin mhíosúla uisce-thomhas le sonraí comhthiomsaithe a fhoilsiú le linn 2021. Rinne an GCC 1,516 tomhas ar shreabhadh abhann, 156 tomhas ar léibhéal locha agus 531 tomhas ar léibhéal screamhuiscí.

### Fuíolluisce Uirbeach

Caithfear fuíolluisce a chóireáil chun é a dhéanamh glan agus sábháilte sula gcuirfear ar ais in aibhneacha, inbhir, lochanna agus uiscí cósta é. Tá feabhais i gcóireáil fuíolluisce le feiceáil, le laghdú aon trian in áiteanna tosaíochta le ceithre bliana anuas. Tá an luas faoi fhorbairtí riachtanacha ró-mhall áfach chun na córais chóireála easnamhacha a bheith ar an gcaighdeán cuí.

Tá uasdátú déanta ar cheadúnais doirte san uisce chun infhorghníomhaitheacht na gcoinníollacha sonracha a fheabhsú agus cabhróidh sé sin leis an GCC na ceadúnais a chur i bhfeidhm, leanúnachas a chur ar fáil agus an comhshaol a chosaint.

## Measúnú

In 2020, i ndiaidh an tuarascáil ar Staid an Chomhshaoil a ndéantar gach ceithre bliain a fhoilsiú, lean an GCC a gcuid torthaí a chur chun cinn. D'fhoilsigh an GCC leabhrán ina cuireadh faisnéis achomair, príomhtheachtaireachtaí, gníomhaíochtaí, measúnú reatha agus ionchas i láthair.

I mí an Mhárta, d'fhoilsigh an GCC treoir náisiúnta don Earnáil Fuinnimh ar Mheasúnacht Straitéiseach Comhshaoil.

## Úsáid talún

Is acmhainn luachmhar é talamh na hÉireann agus tá tábhacht bunúsach leis dár ngeilleagar, dár gcomhshaol agus dár bhfolláine. Mar sin, tá cur chuige córasach iomlánaíoch ag teastáil chun talamh a úsáid agus a bhainistiú le deileáil leis na héilimh ar fad atá á chur air ó dhúsláin chasta an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta.

In 2020 chuir an Rialtas de chúram na GCC athbhreithniú náisiúnta fianaise-bhunaithe ar thalamhúsáid a threorú. Tacaíonn roinnt gníomhaireachtaí stáit agus ranna rialtais leis an obair sin trí ghrúpa stiúrtha náisiúnta agus an GCC mar chathaoirleach air. Tá an tsintéis fhianaise-bhunaithe ann le tacú leis an uaillmhian go gcuireann na roghanna is fearr do thalamhúsáid le cinntí ábhartha go léir an rialtais agus go ndéanfaidh beartas náisiúnta maidir le talamhúsáid amach anseo iontógáil carbóin a bharrfheabhsú agus ag an am céanna go meidh torthaí inbhuanaithe agus athléimneacha ann don tsochaí, don gheilleagar agus don chomhshaol. Meastar go mbeidh an athbhreithniú fianaise-bhunaithe críochnaithe sa dara leath de 2022.


## Ceadúnú agus Forfheidhmiú

Príomhfheidhm na GCC ná rialáil an chomhshaoil, lena n-áirítear ceadúnais a thabhairt le haghaidh saoráidí a mhéadú agus infheistíocht i láithreáin úrnua thar raon tionscal, lena n-áirítear dramhaíl, cógaisíocht agus an earnáil cumhachta. Déanann an GCC bainistiú chomh maith ar Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí in Éirinn.


I measc na cinntí maidir le ceadúnú agus ceadú a rinneadh in 2021, áirítear méadú ar shaoráidí ardphróifíle agus gníomhaíochtaí infheistíochta úrnua in éarnálacha mar pharmachem, suimint, bia agus deoch, dramhaíl, TFC agus fuinneamh. Bhí rannpháirtíocht ar leith ann chomh maith leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntas, Eirgrid, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an earnáil fuinnimh maidir le ceisteanna ar chinnteacht an tsoláthair fuinnimh.

Le linn 2021, tugadh gníomhaíocht nua don GCC faoin Acht um Dhumpáil ar Farraige, 2009, arna leasú, chun rialú a dhéanamh ar dhiúscairt d'aon ghnó i limistéar muirí suiteála amach ón gcósta.

Lean an GCC le hionchur a sholáthar don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le reachtaíocht a ullmhú le haghaidh tógáil agus locadh a cheadú, réisím suntasach nua don GCC.





### DF




Srianta na paindéime, níos lú móin agus níos mó fuinneamh gaoithe na cúiseanna a bhí le laghdú in astaíochtaí gás ceaptha teasa in 2020

### SAMH

Moilleanna do-ghlactha agus obair an-mhall ar fhorbairtí maidir le cóireáil fuíolluisce






Léacht ar Athrú Aeráide





Fóram ar Chur Amú Bia

Comhdháil ar Fhorghníomhú Dhlí an Chomhshaoil


An Chomhdháil um Shláinte agus Folláine Comhshaoil






Laghdú sunstasach i dtruailliú aeir in 2020 de bharr shrianta COVID-19


### NOL




Comhaontú soiléir ar an mbaol atá ann ó hathrú aeráide agus an mhian atá ann gníomhaíocht a dhéanamh

méid na dramhaíola ag méadú agus titim i rátaí maidir le hathchúrsáil



Caithfidh Uisce Éireann dul i ngleic le leochaileacht an tsoláthair uisce óil mar ábhar práinneach

Tá forfheidhmiú níos fócasaithe, comhordaithe ag teastáil ó na húdaráis áitiúla chun chaighdeán an uisce agus an aeir a chosaint



## Forfheidhmiú Ceadúnas



Tá breis is 800 ceadúnas mór tionsclaíoch agus dramhaíola á fhorfheidhmiú ag an GCC faoi láthair. D'úsáid foirne forfheidhmiúcháin na GCC cur chuige priacal-bhunaithe sna chigireachtaí ar an láthair ag baint úsáid Cianmheasúnuithe ar Chomhlíonadh chun dul i ngleic le srianta Covid. D'fhreagair na cigirí d'eachtraí suntasacha comhshaoil ar an láthair, do chásanna éigeandála agus do ghearáin le linn 2021.

Rud suntasach faoin bpaindéim agus daoine ag obair ón mbaile nó ag baint úsáid as spásanna glasa agus gorma áitiúla, ná méadú 22% i bhfiosrúcháin don GCC maidir le fuíolluisce, uisce óil, dramhaíl, torann sa cheantar agus cáilíocht aeir. Ina ról mar mhaoirseoir ar ghníomhaíochtaí comhshaoil na n-údarás áitiúil, thug an GCC faoi deara gur tháinig méadú 10% ar ghearáin do na húdaráis áitiúla maidir le dramhaíl agus caitheamh bruscair le linn 2020. Thug an GCC méadú faoi deara freisin ar ghearáin maidir le láithreáin cheadúnuithe, bhain an chuid is mó dóibh le boladh. Bhain beagnach leath de na gearáin le trí láithreán, ach bhí méadú ginearálta i ngearáin trasna na tíre. I gcás na trí láithreán sin a bhí go leor gearáin futhu, thóg na ceadúnais gníomhaíochtaí, i ndiaidh idirghabháil ón GCC.

I ndiaidh roinnt tinte ag saoráidí dramhaíola ceadúnuithe agus ceadaithe go luath in 2021, thug an GCC faoi fheachtas chun cigireachtaí a dhéanamh ar shaoráidí dramhaíola ag díriú isteach ar an bpriacal dóiteáin. Tugadh cuairt ar níos mó ná 40 láithreán ceadúnaithe, agus as sin tháinig feabhsuithe i mbainistíocht dramhaíola agus an priacal dóiteáin laghdaithe dá bharr.

Déanann an GCC rialú chomh maith ar úsáid radíochta ianúcháin in ospidéil, oideachas agus in earnáil na tionsclaíochta trí chóras ceadúnúcháin agus cigireachta. Baineann ceadúnú le hiarratais ardriosca nó níos casta, fad is a mbaineann clárú le hiarratais lena bhfuil riosca níos ísle ann. Faoi dheireadh 2021, bhí 259 ceadúnas agus 1,453 clárú curtha i bhfeidhm.



## Forfheidhmiú Uisce

Déanann an GCC rialacháin agus ceadúnais uisce a chur i bhfeidhm chomh maith le deimhnithe údarúcháin a bhaineann le hUisce Éireann. Le linn 2021, lean an fhoireann ag an GCC, Uisce Éirenn agus na húdaráis áitiúla ag freagairt d'eachtraí suntasacha, cásanna éigeandála agus gearáin ar an láthair.

## Taighde

Cuireann an GCC clár taighde comhshaoil ar fáil chun tacaíocht riachtanach eolaíochta a thabhairt d'fhorbairt agus cur chun feidhme beartais chomhshaoil chomh maith le cinnteoireacht i gcomhthéacs níos leithne. San iomlán, bronnadh 58 deontas nua in 2021 (€9.91m) ina measc 30 deontas nua ó ghlaoch taighde 2021 na GCC (€7.49m).




Seoladh creat nua deich mbliana atá ar ardleibhéil i mí an Mhárta 2021 le haghaidh chlár taighde na GCC. Tá ceithre thosaíocht téamach i gceist leis - athrú aeráide, geilleagar ciorclach, comhshaol sláintiúil a sholáthar agus ár gcomhshaol nádúrtha a chosaint agus a athbhunú. Dearadh an Creat le bheith sofhreagrúil, freagrach agus solúbtha. Chun tacú leis an gcreat agus chun feidhmiú mar acmhainn don chur chun feidhme, d'fhoilsigh an GCC Plean Gníomhaíochta agus Measúnú ar Réimsí Taighde Téamacha freisin.

Sheol an GCC scéim nua cistiúcháin taighde mhear i dtreo beartais in 2021 chun chomhéadan an bheartais taighde a neartú agus sintéis fianaise-bhunaithe, athbhreithniú ar pholasaithe agus dea-chleachtas a chur ar fáil chun freagra a thabhairt ar cheisteanna polasaí práinneacha atá ag teacht chun cinn.

## Rannpháirtíocht

Ní féidir dul i ngleic leis na fadhbanna chomhshaoil atá i ndán d'Éirinn ach le rannpháirtíocht agus cumasú na saoránach agus na bpáirtithe leasmhara. Tá luach ard agus dithneas curtha ag an GCC ar an rannpháirtíocht seo chun tuiscint níos fearr, fíorúinéireacht agus dóchas don todhchaí a chothú.

### Suíomh Gréasáin

Mar fhreagra ar na moltaí in athbhreithniú na ECFE ar an GCC (2020) agus sa thuarascáil ón Seachtú Coiste Comhairleach na GCC, rinne an GCC athfhorbairt ar an suíomh gréasáin le linn 2021 chun suíomh gréasáin ábhartha agus so-úsáidte a chur ar fáil, le rochtain ar fhianaise atá ag teastáil i bhformáid dhinimiciúil nua-aimseartha.

### Imeachtaí Ar Líne

Cuireann an GCC ócáidí ar siúl chun aird a tharraingt ar cheisteanna comhshaoil agus ar an obair atá ar bun chun dul i ngleic leis na ceisteanna seo. Chun déileáil le srianta Covid, chuir an GCC naoi ócáid phoiblí ar siúl ar líne le linn 2021 agus, i gcásanna áirithe, mhéadaigh an tinreamh faoi thrí.

### Eolaíocht saoránach

Le linn 2021, lean an GCC de ról tábhachtach a imirt ó thaobh feasacht a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh eolaíochta sluafhoinsithe. Bhí níos mó rannpháirtíocht ón bpobal ann le linn 2021 ná mar a bhíotas ag súil leis agus is léiriú é sin ar an dúil atá ann tacaíocht thábhachtach a thabhairt d'iarrachtaí na GCC gealltanais chomhshaoil a chur i gcrích agus gníomhaíocht ar son na haeráide atá riachtanach a thabhairt chun tosaigh.

#### Eolaíocht Shluafhoinsithe GLOBE

Leanann an GCC de bheith ag obair leis an Taisce ar an gclár eolaíochta sluafhoinsithe GLOBE. Thomhais scoileanna a bhí páirteach i bhfeachtais cáilíochta aeir san earrach agus san fhómhar dé-ocsaíd nítrigine ag trí háit timpeall a gcuid scoileanna, fuarthas amach go mbíonn luachanna uasta tomhaiste gar don phríomhbhóthar de ghnáth. Lean an clár ag fás in 2021 le níos mó ná 100 scoil ó gach contae den tír ag tógáil páirt ann.




#### Clean Air Together

Le linn 2021, bunaíodh clár eolaíochta sluafhoinsithe níos leithne ar cháilíochta aeir 'Clean Air Together' i gcomhpháirt leis an Aonad Oideachais Chomhshaoil in An Taisce. Rinneadh an clár a leathadh amach i mBaile Átha Cliath in 2021 go níos mó ná 1,000 rannpháirtithe a thóg samplaí de léibhéil dé-oscaíd nítrigine ina dtithe féin. Beidh torthaí an tsuirbhé ar fáil go luath in 2022.

### The Story of Your Stuff


Tharla an searmanas bronnta fíorúil don chúigiú comórtas 'The Story of Your Stuff' do scoileanna dara leibhéal i mí Bealtaine 2021. Bhuaigh mac léinn ó Choláiste na Toirbhearta, Baile Átha an Rí, Gaillimh an duais fhoriomlán leis a fhíseán tráthúil, 'Scéal na masc aghaidhe aon uaire'. I mbliain ina raibh an rannpháirtíocht chomh hard is a bhí riamh, cuireadh níos mó ná 330 iontráil isteach ó 76 scoil trasna na tíre.

### Comhpháirtíochtaí

Le linn 2021, lean an GCC ag lorg deiseanna dul i dteagmháil le pobail nua agus níos óige fad is a bhí feasacht chomhshaoil á mhéadú chomh maith le príomhtheachtaireachtaí na GCC á gcur chun cinn. I gcomhpháirt le ÉICEA-EOECNA agus Junior Achievement Ireland rinne an GCC urraíocht ar ghradam comhshaoil ag an gcomórtas fíorúil d'Eolaithe Óga BT agus urraíocht ar an nGradam Iriseoireachta Comhshaoil do na National Student Media awards.

## An GCC a Ghlasú

Lean Córas Bainistíochta Comhshaoil na GCC ag feidhmiú go héifeachtach agus tugadh faoi iniúchtaí seachtracha ISO14001 ar bhainistíocht chomhshaoil. Leis an gclár bainistíochta comhshaoil tharla feabhsuithe i bhfeidhmíocht fuinnimh, laghdú dramhaíola, bainistiú dramhaíola guaisí, bithéagsúlacht agus soláthar poiblí glas. Cuireadh soilsiú LED isteach i gceanncheathrú na GCC agus an toradh ar sin ná go mbeidh laghdú 39-tona i astaíochtaí carbóin. Rinneadh athbhreithnithe ar éifeachtúlacht fuinnimh i ngach áit eile de chuid an GCC le heolas a bhailiú agus gníomhaíochtaí maidir le laghdú fuinnimh a dhéanamh chun spriocanna 2030 do Ghníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach.





**Bord an GCC:** An Dr Micheál Lehane, Gerard O'Leary Uasal, Laura Burke Uasal (Ardstiúrthóir), An Dr Tom Ryan, An Dr. Eimear Cotter agus Sharon Finegan Uasal

**Féach ar struchtúr na heagraíochta ag:**
**www.epa.ie/who-we-are/roles--responsibilities/organisational-structure/**

Environmental Protection Agency
*An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil*


www.epa.ie


**Ceanncheathrú**

**Bosca PO 3000**
**Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin**
**Contae Loch Garman, Éire, Y35 W821**

**T +353 53 916 0600**
**F +353 53 916 0699**
**Rinfor@epa.ie**
**LoCall: 818 335599**

**Twitter: @EPAireland**
www.youtube.com/user/epaireland


**Gearáin Náisiúnta Chomhshaoil:**
**T: 1800 36 51 23**
**Aip: See it? Say it?**